

Fáilte go dtí leathanach baile Insititiúid de Borda.

Tá Institiúid de Borda lonnaithe i dTuaisceart Éireann, agus bunaíodh í le vótáil chuimsitheach a chur chun cinn san áit a bhfuil togha le déanamh ag an tsochaí i gceisteanna achrannacha.

Is féidir tuilleadh eolais a fháil, ach úsáid a bhaint as an rogha-chlár ar chlé, agus tá fáilte romhat teagmháil a dhéanamh le ceannáras na heagraíochta. (Sonraí thíos)

Aidhmeanna na hInstitiúide

Tá aidhm ag Institiúid de Borda vótáil chuimsitheach a chur chun cinn gach áit a bhfuil togha le déanamh sa tsochaí i gceisteanna achrannacha.

Baineann sé seo, go sonrach, le cinneadh ar chomhairle, cé acu toghlach réigiúnach nó náisiunta a bheadh ag cinneadh, a n-ionadaithe i comhairlí nó i bparlaimintí, baill de ghrúpa pobail logánta, baill boird, baill comharchumainn srl. Is é Cuntas de Borda (CB) an modh oibre oiriúnach, nó, faoina chruth nua-aimseartha, Cuntas de Borda leasaithe (CBL).

Baineann ceisteanna faoin toghadh sóisialta le toghcháin agus le córais toghchánacha. Tá nádúr an chomhraic i gcuid mhór acu seo: tá córas bua iomlán don dream i dtosach ann, a chuireann an tromlach, nó an mionlach is mó in éadan an chuid eile; nó tá córas comhréireach le vóta singilte inaistrithe, córas a chuireann cion vótaí amháin in éadan an chuid eile. I vótáil chomhaontaitheach, comhréireach de Borda, tá an votálaí ábalta ar vóta a chaitheamh do líon áirithe daoine agus iad a chur san ord tosaíochta is áil leis nó léi, mar a dhéantar sa chóras comhréireach le vóta singilte inaistrithe agus coinnítear an chomhréireacht. Is é an difear idir córas de Borda agus an córas comhréireach eile sin, go gcoinnítear gach ord tosaíochta sa chuntas – is féidir go mbeidh rath an iarrthóra ag brath ar na tuairimí, nó ord tosaíochta a bhí ag gach uile dhuine den lucht vótála.

Córais vótála chuimsitheacha

Tá trí chóras ann:

Preifreann de Borda: is féidir seo a úsáid nuair atá cinneadh ar chomhairle nó ar pholasaí.

Córas Cuóta de Borda: is córas toghchánach é seo is féidir a úsáid nuair a bhíonn líon ionadaithe le toghadh, mar a a bhíonn san ionadaíocht comhréireach.

Córas mairíse: is córas toghchánach é seo fosta – úsáidtear é nuair a líon áirithe daoine le toghadh don líon chéanna d'oifigí, agus d'fhéadfadh gach oifig acu bheith an-éagsúil le chéile: cuir i gcás tionól ag toghadh feidhmeannas, nó parlaimint ag toghadh comh-aireachta.

Clár na n-ábhar (Contents)

Baile	Home
Nuacht	What's new?
Blog	Blog
Foilsíúcháin	Publications
Gníomhaíocht	Activities
Córais vótála	Voting systems
Pátrúin	Patrons
Nascanna	Links

Peter Emerson
31 Bóthar Bhaile na Saileán,
Béal Feirste BT14 7QQ
T: +44 (0)28 9071 1795
F : +44 (0)28 9071 1795
R: pemerson@deborda.org